Taobh Tíre

Tuairisc 6

Lúnasa 2004 – Samhain 2004

Cúlra

Is clár taighde píolótach é Taobh Tíre- seirbhís leabharlainne níos fearr do cheantracha tuaithe – atá á reáchtáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí agus le coistí eile. Is é príomhchuspóir an tionscadail ná modhanna nuachruthaitheacha a aimsiú agus a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí leabharlainne a sheachadadh i measc pobal iargúlta. Tá Tréimhse 1 de na tionscadail críochnaithe anois. Tá cur i bhfeidhm na múnlaí (féach tuairiscí roimhe seo) agus an tionscadail, i ndiaidh bogadh ar aghaidh go dtí Tréimhse 11. Ach an maoiniú a bheith ar fáil, leanfar leis an tionscadal go dtí mí na Nollag 2005, agus cuirfear tuairisc dheiridh agus moltaí ar fáil ina dhiaidh sin.

Seoltaí Áitiúla – Toraigh

Bhíothas leis an togra a sheoladh ar Thoraigh ar an 20 Meán Fómhair ach cuireadh an ócáid ar ceal toisc gaoth mhór a bheith ann ar an lá. Rinneadh plé ar an seoladh a dhéanamh ar an ráidió, ach de bharr athruithe pearsanra ar an togra níorbh fhéidir é seo a dhéanamh. Cé nach raibh seoladh oifigiúil ar an oileán, tá an togra ag feidhmiú go maith. Tá 46 duine de bhunadh an oileáin (133) ina mbaill de Thaobh Tíre anois agus is minic iad ag cuartú ábhar leabharlainne ar an chóras webOPAC. Tá ionad seirbhíse Thoraí suite i gcomharchumann an oileáin.

Tuairisc Eatramhach

Tá duine comhairleach seachtrach ag cur dlaoi mhullaigh ar thuairisc eatramhach an tionscadail, atá le foilsiú san Earrach 2005.

Athbhreithniú

Rinne coiste athbhreithnithe Chlár Taighde Leabharlainne Poiblí de chuid na Comhairle Leabharlanna athbhreithniú lárthéarmach ar an tionscadal i mí Dheireadh Fómhair. Seo a leanas conclúidí an choiste athbhreithnithe: *"Is tionscadal an-mhaith é seo, agus chuaigh an dul chun cinn go dtí seo i bhfeidhm go mór ar lucht an athbhreithnithe. Tionscnamh fiúntach dinimiciúil atá ann, agus táthar ag moladh, i bprionsabal, gur chóir maoiniú a chur ar fáil do Thréimhse 11."*

Seirbhís Leabharlainne Taistil Trasteorann

Seoladh an leabharlann taistil trasteorann go hoifigiúil ar an tSrath Bán ar an 19 Deireadh Fómhair. Tá an leabharlann, atá á mhaoiniú ag Clár Síochána agus Athmhuintearais an AE, ag freastal ar cheantracha teorann i nDún na nGall, i dTír Eoghain agus i nDoire. Beidh maoiniú ar fáil do stoc agus do bhaill fhoirne go dtí 2006, nuair a dhéanfar an tseirbhís a thabhairt isteach mar chuid den phríomhsheirbhís. Tá sceideal iomlán ar fáil ó Leabharlann an Chontae. Ó thosaigh an tseirbhís tá neart iarratas istigh ón phobal go stopfadh an leabharlann taistil i níos mó áiteanna. Is fianaise í seo ar chomh maith agus atá ag éirí leis an tionscnamh trasteorann seo.

Léitheoirí a Spreagadh

D'éirigh leis an iarratas ar mhaoiniú do thionscadal forbartha léitheoirí, a cuireadh isteach chuig Clár Síochána agus Athmhuintearais an AE. Dá bhrí seo, bunaíodh **Tionscadal Spreagtha Léitheoirí** i mí na Samhna. Cuireadh beirt bhall foirne ar fáil ó Sheirbhís Leabharlainne Chontae Dhún na nGall agus ó Bhord Leabharlainne agus Oideachais an Iarthair leis an tionscadal forbartha léitheoireachta seo a reáchtáil. Mairfidh an tionscadal dhá bhliain.

Tá oiliúint foirne ina cuid thábhachtach de Spreagadh Léitheoirí lena chinntiú go ndéanfar tograí léitheoireachta a bhunú agus a chothabháil nuair a bheas deireadh leis an tionscadal. Beidh oiliúint ar fáil in áiteanna éagsúla i nDún na nGall, i nDoire agus i bhFear Manach. Tá eilimintí breise i gceist chomh maith, mar shampla, mórfhéile litríochta do pháistí, suíomh idirlín a fhorbairt, gníomhaíochtaí léitheoireachta le réimse spriocghrúpaí agus dea-chleachtais a roinnt.

Tréimhse II

Sa tréimhse seo, beidh deis ag na tograí éagsúla barr feabhais agus torthaí fiúntacha a bhaint amach i ndiaidh dóibh an tionscadal á reáchtáil thar na ceithre ráithe. Ó thús na tréimhse seo beidh an-tábhacht le gné na margaíochta. Rachaidh comhordaitheoir an tionscadail faoi oiliúint i margaíocht agus ina dhiaidh sin cuirfear clár struchtúrtha margaíochta i bhfeidhm i rith 2005. I dtréimhse II chomh maith, déanfar cláracha forbartha léitheoireachta a fhorbairt agus a chur in oiriúint don sprioc-cheantar agus do na spriocghrúpaí ábhartha. Beidh teacht níos fearr ar eolas chomh maith trí fhoinsí eolais ar líne a fhorbairt, mar shampla an ghné “Fiafraigh den Leabharlannaí” ar an suíomh idirlín, agus rochtain ar bhunachair shonraí ar líne.

Leathnú an tionscadail

De réir mar a leathnaíonn eolas an phobail ar áiseanna Taobh Tíre is amhlaidh a thagann méadú ar an éileamh ó phobail éagsúla a bheith páirteach sa ghréasán. Ach an maoiniú a fháil, tá sé i gceist ag Seirbhís Leabharlainne Chontae Dhún na nGall na seirbhísí a bhunú i sé ionad úra, ar a n-áirítear suíomh uirbeach amháin.

Monatóireacht agus Meastóireacht

Tá monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn an tionscadail á déanamh ag comhordaitheoir an tionscadail. Déanfaidh comhlacht

meastóireachta seachtrach tuairisc iar-fheidhme a chur i dtoll a chéile ag deireadh tréimhse II. Nuair a bheas an tionscadal críochnaithe, cuirfidh an fhoireann bhainisteoireachta tuairisc dheiridh ar fáil. Bunaithe ar na torthaí rathúla atá bainte amach go dtí seo, meastar go molfar an tionscadal Taobh Tíre a thabhairt isteach mar chuid den phríomhsheirbhís, agus a eiseamláir a leanúint i measc pobal eile ar fud na tíre.

Tuilleadh eolais ach féach ar:

Tuairisc 1, Nollaig 2002 – Márta 2003.

Tuairisc 2, Aibrean 2003 – Iúil 2003

Tuairisc 3, Lúnasa 2003 – Samhain 2003

Tuairisc 4, Nollaig 2003 – Márta 2004

Tuairisc 5, Aibreán 2004 – Iúil 2004

Nó déan teagmháil le

Donna Quinn, Comhordaitheoir an Tionscadail, Leabharlann Chontae Dhún na nGall

Aonad 7, Bóthar na Sceiche, Magherennan, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall

Guthán 074 9168743.

ríomhphost dquinn@donegalcoco.ie

www.donegallibrary.ie